

# Bearradh Gruaige

Bhí **folt fada** ar Liam le cúpla seachtain. Dúirt Daidí go bhféadfadh sé an folt a bhearradh dó ach ní thaitneodh sé sin le Liam. Fuair sé airgead ó Mhamaí agus thug sé aghaidh ar shiopa an bhearbóra. Os cionn dhoras an tsiopa bhí cuaille le stríocaí dearga agus bána **ag gobadh amach.** Isteach sa siopa leis agus shuigh sé síos ar bhinse. Bhí beirt ann roimhe **ag fanacht lena n-uain.** Chaith Liam tamall ag féachaint ar phictiúir de foirne peile, de chapaill ráis agus de dhornálaithe a bhí ar na ballaí. Bhí fear amháin ina shuí ar chathaoir agus rinne an bearbóir an folt a fholcadh. Ansin thriomaigh sé an folt le **triomadóir gruaige.** Nuair a tháinig uain Liam, in airde leis ar an gcathaoir. D'ardaigh an bearbóir an chathaoir dó agus chuir sé éadach bán timpeall air. D'fhéad Liam é féin a fheiceáil sa scáthán mór os a chomhair amach. Cheap sé go raibh sé cosúil le manach. **D'aimsigh** an bearbóir an chíor agus an siosúr agus thosaigh sé ag bearradh. Mheas Liam go raibh an ghruaig ag titim go han-tapaidh de. Bhí eagla air go mbeadh sé **lom.** Bhí ribí gruaige ag titim ar a shrón agus ag dul isteach ina shúile. Theastaigh uaidh a aghaidh a chuimilt ach ní ligfeadh an bearbóir dó é a dhéanamh. Lean sé air ag bearradh agus chuir sé ceisteanna ar Liam mar gheall ar an rang ina raibh sé. Nuair d'oscail Liam a bhéal chun labhairt chuaigh ribí gruaige isteach ann. Fuair an bearbóir inneall gruaige ansin agus thosaigh sé ag bearradh ribí anseo is ansiúd leis. **I ndeireadh na dála** chuir sé ola ghruaige air agus chíor sé **go maiseach é.** Fuair sé scuab bheag agus ghlan sé na ribí gruaige d'aghaidh agus de mhuineál Liam. Bhain sé an t-éadach bán de agus d'iarr sé ar an gcéad duine eile suí ar an gcathaoir. Thug Liam an t-airgead dó agus d'imigh sé. Nuair a chonaic Tomás é thosaigh sé ag gáire. Dúirt sé go raibh sé cosúil le Kojak ar an teilifís.

## A. Foclóir

**folt,** head of hair
**ag gobadh amach,** sticking out
**triomadóir,** dryer
**lom,** bare
**a chuimilt,** rub
**maiseach,** beautiful

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cén fáth a ndeachaigh Liam go dtí siopa an bhearbóra?
   — Theastaigh uaidh milseáin a cheannach.
   — Bhí bearradh gruaige ag teastáil uaidh.
   — Bhí glasraí ag teastáil uaidh.
2. Cad a bhí os cionn dhoras an tsiopa?
   — pictiúr de chapaill ráis.
   — fógra mór.
   — cuaille le stríocaí dearga agus bána.
3. Cad a rinne Liam fad a bhí sé ag feitheamh leis an mbearradh gruaige?
   — Shiúil sé anonn agus anall.
   — Bhí sé ag canadh leis féin.
   — Bhí sé ag féachaint ar phictiúir ar na ballaí.
   — Bhí sé ag caint leis an bhfear a bhí in aice leis.

## C. Líon isteach na bearnaí:

1. Thriomaigh an bearbóir an folt le - -.
2. D'aimsigh an bearbóir an - agus an - agus thosaigh sé ag bearradh.
3. Bhí - - ag titim ar a shrón agus ag dul isteach ina shúile.
4. Theastaigh uaidh a aghaidh a -.

## D. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:

1. Shuigh sé síos ar bhinse.
2. Pictiúir de foirne peile, de chapaill ráis agus de dhornálaithe.
3. Sa scáthán mór.
4. Thug sé an t-airgead dó agus d'imigh sé.

## E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a rinne Liam nuair a thug Mamaí an t-airgead dó?
2. Cad a rinne an bearbóir leis an bhfear a bhí ina shuí ar an gcathaoir?
3. Cad leis ar bhearr sé gruaig Liam?
4. Cén fáth ar theastaigh ó Liam a aghaidh a chuimilt?
5. Nuair a d'oscail sé a bhéal chun labhairt cad a tharla?

## Gramadach 5

1. D'ardaigh an bearbóir an chathaoir **dó.**
   (mise, tusa, ise, sinne, sibhse, iadsan, Máire, an buachaill, an fear.)
2. Dúirt Daidí go bhféadfadh sé **an folt a bhearradh.**
   déan/obair, tiomáin/carr, scríobh/nóta, las/solas.